


# Líon oibrithe le Gaeilge sa státseirbhís




Eochairfhocail: comhchoiste, sprioc, earcaíocht, faoin gcéad, comhlachtaí poiblí

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

## Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad is ainm don Choiste Dála a raibh cruinniú ar siúl an tseachtain seo acu?
2. Cé mhéad faoin gcéad d'earcaithe nua i gcomhlachtaí poiblí a mbeidh orthu Gaeilge a bheith acu faoi dheireadh na bliana 2030?
3. Cérbh é an príomh-mhothúchán a bhí ar bhaill Chomhchoiste na Gaeilge maidir leis an méid a chuala siad ag an gcruinniú an tseachtain seo?
4. Cén fáth a raibh frustrachas ar bhaill Chomhchoiste na Gaeilge?
5. Cén rud a bhfuil moill leis agus atá ina ábhar inní eile do bhaill Chomhchoiste na Gaeilge?
6. Cén grúpa daoine ag an gcruinniú a bhí dóchasach go mbainfí an sprioc 20% amach faoi dheireadh na bliana 2030?
7. Cad ba mhaith le Comhchoiste na Gaeilge a fháil ar bhonn rialta ó oifigigh na Roinne Tuaithe Forbartha Pobail agus Gaeltachta?
8. Ag obair le do pháirtí ranga, déanaigí liosta de chúig cinn de na jabanna i gcomhlachtaí poiblí a mbeadh Gaeilge líofa ag teastáil lena n-aghaidh?




## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Deachtú

Ag obair le do pháirtí ranga léadh duine amháin an chéad sliocht amach a fhad is atá an duine eile á bhreacadh síos. Ansin, babhtálaigí ról.

1. Ba mhaith le Rialtas na hÉireann agus le muintir na hÉireann i gcoitinne go mbeadh níos mó daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu ag obair sa státseirbhís amach anseo. Chuige sin, tá sé d'aidhm ag Rialtas na hÉireann de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 go mbeadh fiche faoin gcéad d'earcaithe nua sa tseirbhís phoiblí inniúil ar an nGaeilge labhartha agus ar an nGaeilge scríofa. Caithfear an sprioc seo a bhaint amach faoi dheireadh na bliana fiche tríocha.
2. Tacaíonn na heagrais Ghaeilge ar fad nachmór leis an sprioc seo ach tá amhras forleathan ann chomh maith i measc na n-eagras céanna go mbainfear an sprioc uailmhianach seo amach ar chor ar bith. Tá an Rialtas an-tiomanta áfach agus tá siad dóchasach go mbeidh fiche faoin gcéad d'earcaithe nua sa tseirbhís phoiblí inniúil ar an gcéad teanga oifigiúil sa tír seo agus go mbeifear in ann mar sin freastal níos fearr a dhéanamh ar mhuintir na hÉireann sa Ghaeilge má lorgáítear amhlaidh.

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh gur dochtúir tú i gceantar Gaeltachta. Tá tú ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). Labhraíonn tú Gaeilge leis na hothair a thagann isteach chugat. Déan liosta de dheich gcinn de na frásaí/nathanna cainte /abairtí a úsáideann tú go minic le do chuid othar. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

1. Maidin mhaith. Conas a mhothaíonn tú inniu?
2. \_\_\_\_\_
3. \_\_\_\_\_
4. \_\_\_\_\_
5. \_\_\_\_\_
6. \_\_\_\_\_
7. \_\_\_\_\_
8. \_\_\_\_\_
9. \_\_\_\_\_
10. \_\_\_\_\_



## Freagraí



Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceistanna thíos:

1. Coiste/comhchoiste na Gaeilge
2. 20 faoin gcéad
3. Frustrachas
4. Ní raibh aon duine in ann figiúirí cruinne a thabhairt dóibh maidir le líon na ndaoine a raibh Gaeilge acu agus a bhí ag obair sna comhlachtaí poiblí éagsúla
5. Foilsiú an chaighdeáin oifigiúil teanga
6. Oifigigh (na Roinne Tuaithe Forbartha Pobail agus Gaeltachta)
7. Tuairiscí (le go bhféadfaí an dul chun cinn a mheas)

